

Réamhrá

Mínítear sa réamhrá seo do *Threoir Chleachtais Aistear Síolta* cuspóir agus spriocghrúpa na treorach, agus tugtar breacchuntas ar a bhfuil i gceist leis an bhfocal ‘cúraclam’ mar a úsáidtear é in *Aistear*, i *Síolta* agus sa Treoir. Tugtar léargas ginearálta ar struchtúr na Treorach Cleachtais freisin agus déantar cur síos ar na gnéithe d’*Aistear* agus de *Shíolta* a bhfuil sí dírithe orthu.

Cuspóir agus spriocghrúpa

Tá sé mar aidhm ag an Treoir Chleachtais tacú le cleachtóirí *Aistear: Creatchúraclam na Luath-Óige* (2009a) agus *Síolta, An Creat Náisiúnta Cáilíochta d’Oideachas na Luath-Óige* (2006) a úsáid **i dteannta a chéile** d’fhonn cáilíocht a gcúraclaim a fheabhsú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt d’fhoghlaim agus d’fhorbairt leanaí dá bharr sin. Glactar leis sa Treoir Chleachtais go gcomhlíonann na suíomhanna *na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí. Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006* (an Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006), nó go bhfuil siad ag obair i dtreo a gcomhlíonta.

Cuimsíonn an Treoir Chleachtais réimse acmhainní atá ceaptha le cabhrú le cleachtóirí machnamh criticiúil a dhéanamh ar a gcúraclam agus a aithint céard a oibríonn go maith ann. Ina theannta sin, féadfaidh na hacmhainní cabhrú le cleachtóirí tosaíochtaí forbartha a shainnaint agus bearta a phleanáil le hathrú dearfach a bhaint amach. Féadfaidh cleachtóirí aonair, cleachtóirí ag obair le chéile agus cleachtóirí atá á dtacú ag meantóir an

Treoir Chleachtais a úsáid ar an gcaoi seo le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcúraclam, é a fhorbairt agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach.

Agus iad ag obair le suíomhanna, bainfidh Speisialtóirí Luath-Óige, de chuid *Better Start*, an tSeirbhís Náisiúnta Forbartha d’Ardchaighdeán na Luathbhlianta, bainfidh siad úsáid as an Treoir Chleachtais. Féadfaidh gairmithe eile a bhfuil ról tacaíochta nó meantóireachta acu úsáid a bhaint as an Treoir Chleachtais chomh maith, mar shampla, Coistí Contae agus Cathrach um Chúram Leanaí agus Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha um Chúram Leanaí, mar aon leo siúd a bhfuil ról meastóireachta acu. Cé gur forbraíodh an Treoir Chleachtais do chleachtóirí/stiúrthóirí a oibríonn i suíomhanna cúram lae agus seisiúnacha, bídis lánaimseartha nó páirtaimseartha, lena n-áirítear naíonraí¹ agus Aonaid Tús Luath i mbunscoileanna, tá seans ann go mbeadh sí úsáideach do dhaoine eile freisin amhail feighlithe leanaí, tuismitheoirí, mic léinn luath-óige, oiliúnaithe agus léachtóirí.

¹ Is éard atá sa naíonra ná seirbhís réamhscoile do dhaoine óga a chuirtear ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi stiúir stiúrthóirí (cleachtóirí réamhscoile) (*Aistear, Prionsabail agus Téamaí*, 2009a, lch. 56).

Síolta agus Aistear

Is ann do dhá chreat luath-óige in Éirinn .i. *Síolta* agus *Aistear*. Cé gur cosúil lena chéile iad ar a lán bealaí, mar a léirítear i dTábla 1 bunaithe ar iniúchadh a rinneadh ar an dá chreat (2009b, lch. 5), baineann *Síolta* le gach uile ghné de chúrsaí cáilíochta sa luath-óige agus tá *Aistear* dírithe ar an gcuraclam féin.

Tugtar an dá chreat le chéile sa Treoir Chleachtas ar bhealach praiticiúil agus tugtar moltaí, smaointe agus samplaí i dtaobh iad a úsáid le curaclam a chur i dtoll a chéile a chabhróidh leis na leanaí uile taitneamh a bhaint as a gcuid luathfhoghlama agus luathfhorbartha agus dul chun cinn a dhéanamh. Cuirtear *Síolta* agus *Aistear* faoi chaibidil sna codanna seo a leanas.


Tábla 1: Comparáid idir Síolta agus Aistear: Cuspóir, spriocghrúpa agus leanaí

Creat	Cuspóir	Aois	Suíomhanna Luath-Óige	Spriocghrúpa
<i>Síolta</i>	Cáilíocht suíomhanna luath-óige ar an iomlán a fheabhsú ar mhaithe le leanaí agus le teaghlaigh.	Breith – 6 bliana d’aois	Gach suíomh luath-óige, ranganna naíonán bunscoile ina measc.	Cleachtóirí a thugann aire do leanaí agus a chuireann oideachas orthu ón mbreith go dtí 6 bliana d’aois. Gairmithe eile a oibríonn le leanaí agus lena ndaoine muinteartha.
<i>Aistear</i>	Eispéiris atá idir dhúshlánach agus thaitneamhach a chur ar fáil ionas go bhféadfaidh leanaí fás agus forbairt mar fhoghlaimoirí inniúla, muiníneacha a mbíonn caidrimh ghrámhara, chothaitheacha acu le daoine eile.	Breith – 6 bliana d’aois	Gach suíomh luath-óige, bailte na leanaí agus ranganna naíonán bunscoile ina measc.	Gach duine fásta a thugann aire do leanaí agus a chuireann oideachas orthu ón mbreith go dtí 6 bliana d’aois – tuismitheoirí agus cleachtóirí. Gairmithe eile a oibríonn le leanaí agus lena ndaoine muinteartha.

Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

Is é *Síolta* an creat náisiúnta cáilíochta d'oideachas na luath-óige. Cuimsíonn sé gach uile ghné de chúrsaí cáilíochta i ndáil le suíomhanna luath-óige atá dírithe ar leanaí ó uair a mbreithe go dtí sé bliana d'aois. Áirítear leis an gcreat prionsabail, caighdeáin agus comhpháirteanna, mar a léirítear i dTábla 2.

Tábla 2: Léargas ginearálta ar a bhfuil i Síolta



Sa Treoir Chleachtais seo, **ní dhírítear ach ar na caighdeáin agus ar na comhpháirteanna siúd i *Síolta* a bhaineann le cúrsaí curaclaim.** Caighdeán 7: Deirtear i gCaighdeán 7 i *Síolta* *gur cóir curaclam nó clár a chur i bhfeidhm atá infhíoraithe, solúbtha, a bhfuil cur chuige leathan aige agus cur síos scríofa le fáil air chun foghlaim agus forbairt iomlánaíoch gach linbh a spreagadh.* Baineann naoi gcinn eile de chaighdeáin *Síolta* le hobair forbartha curaclaim go háirithe. Is iad sin:

- Caighdeán 1: Cearta an Linbh
- Caighdeán 2: Timpeallachtaí
- Caighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh
- Caighdeán 5: Idirghníomhaíochtaí
- Caighdeán 6: Súgradh
- Caighdeán 11: Cleachtas Gairmiúil
- Caighdeán 13: Tacú le hAistriú
- Caighdeán 14: Féiniúlacht agus Muintearas
- Caighdeán 16: Rannpháirtíocht an Phobail

Léirítear sa Treoir Chleachtais chomh maith comhpháirteanna bainteacha ó chaighdeáin eile de chuid *Síolta* a bhaineann le cúrsaí curaclaim. D'fhonn athrá a sheachaint agus i bhfianaise aiseolais ar athrá a fuarthas trí Chlár Dearbhaithe Cáilíochta *Síolta*, tá roinnt comhpháirteanna cosúla curtha i ngrúpaí le chéile faoi aon chaighdeán amháin chun críocha na Treorach Cleachtais. Tugtar níos mó eolais orthu seo i dTábla 3. Úsáidtear sa tábla seo uimhreacha idir lúibíní le tagairt a dhéanamh do chomhpháirteanna ar leith i *Síolta*. Tagraíonn an chéad chuid den uimhir don chaighdeán bainteach agus tagraíonn an dara cuid don chomhpháirt féin. Mar shampla, is éard atá i gceist le (1.2) ná Caighdeán 1, Comhpháirt 2.

Tábla 3: Caighdeán agus Comhpháirteanna de chuid Síolta a ndéantar plé orthu sa Treoir Chleachtais

Caighdeán	Comhpháirteanna
1: Cearta an Linbh	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <p>Na leanáí uile:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tabharfar roghanna dóibh, agus léireofar meas do na roghanna sin (1.1). • cuirfear ar a gcumas tús a chur le gníomhaíocht, bheith neamhspleách mar is cuí (1.2) agus breathnóidh an duine fásta orthu mar chomhpháirtí de bharr a rannpháirtíochta gníomhaí agus comhairliúcháin (1.3) (4.1).
2: Timpeallachtaí	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá na timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh leagtha amach go maith, pleanáilte go maith (2.1), compordach, agus coimeáda go maith (2.3) d'fhonn timpeallacht dheas a chur ar fáil do leanáí agus do dhaoine fásta araon. • Tá na timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh inoiriúnaithe agus inrochtana (2.2) (6.2), agus tá méid iomchuí ábhar, acmhainní agus trealamh ar fáil iontu (2.7) (6.4). • Cuirtear ar fáil sna timpeallachtaí laistigh agus lasmuigh réimse eispéiris saibhriúcháin atá oiriúnach, dúshlánach, éagsúil agus cruthaitheach ó thaobh na forbartha agus an chultúir de do na leanáí ar fad (2.5 agus 2.6). • Tá comhpháirteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht (2.4) agus le bainistíocht an bhia (2.8) lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.
3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta ann do chumarsáid, comhairliúchán (4.1), agus comhroinnt eolais faoi leanáí (3.1) (12.2), agus is iomaí deis a bhíonn ag tuismitheoirí a bheith páirteach (3.2). • Bíonn baill foirne tuisceanach agus tacúil agus iad ag déanamh plé le tuismitheoirí (3.3) (11.5). • Tá Comhpháirt 3.4, a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta, lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais. • Déantar plé ar Chomhpháirt 16.1, a bhaineann le hinfhaighteacht eolais ar acmhainní áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, mar chuid den tacaíocht maidir le foghlaim agus forbairt leanáí.
4: Comhairliúchán	<p>Déantar plé ar chomhpháirt amháin sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá comhairliúchán le leanáí (4.1) ina chuid de Chaighdeán 1, comhairliúchán le tuismitheoirí (4.1) ina chuid de Chaighdeán 3, agus comhairliúchán le baill foirne (4.1) ina chuid de Chaighdeán 11. • Baineann gníomhaíocht chomhairliúcháin eile, a mbaineann an caighdeán seo léi, leis an mbainistíocht agus níl sí laistigh de théamaí tagartha na Treorach Cleachtais.

Caighdeán	Comhphárteanna
<p>5: Idirghníomhaíochtaí</p>	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuirtear ar chumas leanaí idirghníomhú agus súgradh (6.6) lena gcuid comhpháirtithe agus le piaraí agus daltaí eile ar aoiseanna éagsúla leo ina mbeirteanna, i ngrúpaí beaga, agus uaireanta i ngrúpaí móra freisin (5.1) agus tugtar tacaíocht dóibh idirghníomhú go dearfach (5.2). • Baineann daoine fásta úsáid as gach uile ghné den ghnáthamh laethúil, lena n-áirítear amanna béile (9.4) le hidirghníomhú go tuisceanach le leanaí (5.3) agus bíonn an stíl idirghníomhaithe cothromaithe agus dírithe ar phróisis; ina leantar treoir na leanaí féin agus ina gcuirtear an teanga chun cinn (5.4). • Tacaíonn na hidirghníomhaíochtaí ar fad le forbairt dlúthchaidreamh cothaitheach (9.6) trí úsáid éifeachtach a bhaint as Cur Chuige an Duine Lárnaigh. • Léiríonn daoine fásta idirghníomhaíochtaí maithe, measúla ina gcuid idirghníomhaíochtaí lena chéile (5.5). • Tá Comhpháirt 5.6, a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta, lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.
<p>6: Súgradh</p>	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá 'a dhóthain ama a chur ar fáil don súgradh' ina chuid den ghnáthamh laethúil (6.1). Tugtar deiseanna le máistreacht agus rath a bhaint amach tríd an súgradh (6.3) agus le cur ar chumas leanaí a bheith cruthaitheach agus brí nua a chruthú (6.5) freisin. Tá an ghné doiciméadaithe, pleanála agus measúnaithe (6.7) ina cuid de freisin. • Déantar plé ar rochtain ar ábhair (6.2) (6.4) i gCaighdeán 2 agus déantar plé ar ghnéithe d'idirghníomhaíochtaí (6.6) i gCaighdeán 5.
<p>7: An Curaclam</p>	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Moltar nádúr iomlánaíoch an churaclaim (7.1), bunaithe ar thaighde agus é dea-thagartha (7.2), an tábhacht a bhaineann leis an bhfoghlaim ar an toirt agus le gníomhaíochtaí a gcuireann an leanbh féin tús leo. • Déantar plé ar an ngné den churaclam a bhaineann le caidrimh (7.4) (9.6) agus ar na gnéithe caidrimh a bhaineann le haistrithe éifeachtacha (13.1). • Bíonn tábhacht ag baint le doiciméadú, le pleanáil agus le measúnú i leith tacú le foghlaim agus le forbairt an linbh (7.5 agus 7.6).
<p>8: Pleanáil agus Meastóireacht</p>	<p>Ní dhéantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais. Cuirtear faoi chaibidil ann soláthar an tsuímh a phleanáil agus a mheas seachas foghlaim agus forbairt an linbh. Meastar go bhfuil sé lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais dá bhrí sin.</p>
<p>9: Folláine agus Leas</p>	<p>Déantar plé ar dhá chomhpháirt den chaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déantar plé ar an ngné shóisialta den am béile (9.4) agus de chaidrimh (9.6) i gCaighdeán 5. • Baineann na comhphárteanna eile le cúrsaí bainistíochta agus rialúcháin agus tá siad lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.
<p>10: Eagrú</p>	<p>Déantar plé ar thrí chomhpháirt den chaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déantar plé ar fhís, luachanna agus bunphrionsabail (10.1), meas a léiriú do chleachtóirí mar ghairmithe (10.4), agus obair bhuíne (10.5) i gCaighdeán 11. • Baineann na comhphárteanna eile le cúrsaí bainistíochta agus tá siad lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.

Caighdeán	Comhpháirteanna
11: Cleachtas Gairmiúil	<p>Déantar plé leis an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Is féidir le gach duine fásta sa suíomh fianaise a sholáthar go bhfuil leibhéal scileanna agus eolais bainte amach acu atá oiriúnach dá ról agus do na dualgais atá orthu (11.1) • Cuirfidh na daoine fásta le sraith de luachanna agus de bhunphrionsabail agus glacfaidh siad leo (10.1 agus 11.2), rud a chuirfidh bonn eolais faoina gcuid cleachtais. • Tacófar leis an gcleachtas machnamhach agus déanfar é a spreagadh (11.3), agus cuirfear leis an méid sin trí dheiseanna rialta forbairt ghairmiúil leanúnach a chur ar fáil (11.4). • Léirítear meas do na cleachtóirí ar fad ina ról mar ghairmithe (10.4), rachfar i ndáil chomhairle leo dá bhrí sin (4.1), agus déanfar an obair bhuíne a spreagadh agus tacófar léi (10.5). • Mar ghairmithe, bíonn rithábhacht (12.3) ag baint leis an rúndacht ó thaobh cleachtais de. • Déantar plé ar an gcleachtas gairmiúil maidir le teaghlaigh (11.5) i gCaighdeán 3.
12: Cumarsáid	<p>Déantar plé ar dhá chomhpháirt den chaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déantar plé ar eolas a chomhroinnt le páirtithe leasmhara (12.2) i gCaighdeán 3 agus 13. Déantar plé ar an rúndacht (12.3) i gCaighdeán 11. • Baineann an bailiú eolais (12.1) le cúrsaí bainistíochta agus tá sé lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais. Tá Comhpháirt 12.4, a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta, lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais freisin.
13: Aistrithe	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Déantar éascaíocht ar aistrithe agus cuirtear chun cinn iad trí chaidrimh (13.1), trí theagmháil laistigh den suíomh agus idir suíomhanna (13.2) agus trí chomhairliúchán agus trí chumarsáid (12.2) leis na páirtithe leasmhara uile (13.3). • Tá Comhpháirt (13.4), a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta, lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.
14: Féiniúlacht agus Muintearas	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cuireann an suíomh féiniúlacht agus grúpfhéiniúlacht mhuiníneach chun cinn (14.2), mar aon le tuiscint ar na riachtanais agus ar na cearta a bhíonn ag daoine eile (14.3). • Tá Comhpháirt 14.1, a bhaineann le beartais agus le nósanna imeachta, lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais.
15: Reachtaíocht agus Rialáil	<p>Ní dhéantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais. Cuirtear faoi chaibidil ann saincheisteanna a bhaineann le reachtaíocht a chomhlíonadh agus le rialúcháin a shásamh, agus meastar go bhfuil sé lasmuigh de théarmaí tagartha na Treorach Cleachtais dá bhrí sin.</p>
16: Rannpháirtíocht an Phobail	<p>Déantar plé ar an gcaighdeán seo sa Treoir Chleachtais.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tá an suíomh nasctha agus comhtháthaithe leis an bpobal áitiúil agus náisiúnta, agus tá naisc aige a d'fhéadfadh na caidrimh seo a fhorbairt tuilleadh (16.2 agus 16.3). • Tacaíonn an suíomh go gníomhach le saoránacht na leanaí ina bpobal áitiúil agus náisiúnta (16.4). • Déantar plé ar Chomhpháirt 16.1, a bhaineann le hinfhaighteacht eolais ar acmhainní áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, i gCaighdeán 3: Tuismitheoirí agus Teaghlaigh.

Cé go leagtar amach an dea-chleachtas i ndáil le curaclam ar ardchaighdeán a fhorbairt i roinnt mhaith de chaighdeáin agus de chomhpháirteanna *Síolta*, tugtar in *Aistear* eolas ar an gcaoi a bhfoghlaímíonn agus a bhforbraíonn leanaí le linn na luath-óige agus cuirtear síos ar na cineálacha eispéireas agus ar na torthaí foghlama a bhíonn mór acu le linn na tréimhse seo.

Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige

Is é *Aistear* creatchuraclam na luath-óige. Ní clár saintreorach é ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus bileoga oibre do naíonáin, do lapadáin agus do leanaí óga. Ní chuirfeadh a leithéid de chlár íomhá den leanbh mar fhoghlaimeoir inniúil, muiníneach chun cinn agus ní thabharfadh sé a cheart do ról gairmiúil an chleachtóra luath-óige mar fhorbróir an churaclaim. Ina ionad sin, tugtar sa chreat *Aistear* eolas agus smaointe praiticiúla le cabhrú le cleachtóirí curaclam a phleanáil agus a fhorbairt a thacóidh le leanaí meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna dearfacha a fhorbairt, mar aon le heolas agus tuiscint.

Cuimsíonn Aistear prionsabail, téamaí agus treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais, rud a léirítear i dTábla 4.

Tábla 4: Léargas ginearálta ar a bhfuil in *Aistear*

12 Phrionsabal	
Téamaí	Treoirlínte le haghaidh an Dea-Chleachtais
<i>Folláine agus Leas</i>	Comhpháirtíochtaí a chothú idir tuismitheoirí agus cleachtóirí
<i>Féiniúlacht agus Muintearas</i>	Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí
<i>Cumarsáid</i>	Foghlaim agus forbairt tríd an súgradh
<i>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</i>	Tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt tríd an measúnú

Cuirtear in ord tosaíochta in *Aistear* ceithre thoradh leathana d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh, rud a léirítear trí thagairt dá théamaí i dTábla 5.

Tábla 5: Téamaí agus Torthaí Leathana *Aistear*

Téamaí	Torthaí Leathana
<i>Folláine agus Leas</i>	Bíonn leanaí muiníneach, sona sásta agus sláintiúil.
<i>Féiniúlacht agus Muintearas</i>	Bíonn braistint dhearfach ag leanaí ar cé hiad féin, forbróidh siad tuiscint ar a gcultúr agus ar a n-oidhreacht agus braithfidh siad go bhfuil meas ag daoine eile orthu mar chuid de theaghlach agus de phobal.
<i>Cumarsáid</i>	Comhroinneann leanaí a gcuid eispéireas, smaointe, agus mothúchán go muiníneach agus go hinniúil ar réimse bealaí agus chun críocha éagsúla.
<i>Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht</i>	Baineann leanaí ciall as rudaí, as áiteanna agus as daoine ina saol.

*Deirtear in Aistear go dtagraíonn ‘curaclam’ do gach eispéireas, bíodh sé ina eispéireas foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, pleanáilte nó neamhpleanáilte, sa timpeallacht laistigh nó lasmuigh, a chuireann le foghlaim agus le forbairt an linbh (Prionsabail agus Téamaí, lch. 61). Agus curaclam á fhorbairt ag cleachtóirí, ní mór dóibh freagairt d’ábhair spéise agus do cheisteanna leanaí, a gcuid foghlama a leathnú, agus dúshlán agus rannpháirteachas a chur chun cinn trí eispéiris thaitneamhacha, inspreagthacha. Tacaíonn an Treoir Chleachtais le cleachtóirí prionsabail, téamaí agus treoirlínte *Aistear* a úsáid leis an gcineál seo curaclaim a fhorbairt, chomh maith leis na caighdeáin agus na comhpháirteanna ábhartha a leagtar amach i *Síolta* a chomhlíonadh dá bharr sin.*

Curaclam do na leanaí ar fad

Tacaíonn *Aistear* agus *Síolta* le foghlaim agus le forbairt na leanaí uile ó uair a mbreithe go dtí 6 bliana d’aois thar réimse suíomhanna luath-óige agus trí churaclam iomchuí a chur ar fáil. Bíonn níos mó i gceist le curaclam ná gnáthamh laethúil nó liosta gníomhaíochtaí agus eispéireas. Bíonn níos mó i gceist leis ná fealsúnacht nó cur chuige i leith chúram agus oideachas na luath-óige. Baineann sé le heispéireas iomlán na leanaí — .i. na spriocanna leathana atá ann dá gcuid foghlama agus forbartha, na gníomhaíochtaí agus na heispéiris trína bhféadfaidh siad foghlaim agus forbairt, na cuir chuige agus na straitéisí a úsáideann cleachtóirí le tacú leo agus le cur ar a gcumas a spriocanna a bhaint amach, mar aon leis an timpeallacht ina dtitfidh na rudaí seo ar fad amach. Ina theannta sin, cuimsíonn an curaclam an tionchar neamhbheartaithe a imríonn eispéiris, gnáthaimh, agus luachanna agus tuairimí na gcleachtóirí féin ar leanaí, rud a dtugtar an ‘curaclam folaithe’ air go minic. Léirítear in *Aistear* agus i *Síolta* dearcadh soch-chultúrtha ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn

agus a bhforbraíonn leanaí le linn na luathbhlianta seo. Is é fírinne an scéil go gciallaíonn sé seo go n-aithnítear i gcuraclam luath-óige gur tábhachtach an tionchar a imríonn daoine muinteartha, piaraí, an pobal, cúlra agus cultúr ar foghlaim agus ar forbairt an linbh. Bíonn cónaí ar leanaí i bpobail éagsúla agus tugann siad na heispéiris a bhraitheann siad sa bhaile, i gcuideachta a ndaoine muinteartha, agus a bpobail isteach sa suíomh leo. Tugann siad a gcuid láidreachtaí, inniúlachtaí, meonta, luachanna, dearcthaí, eolais, ábhar spéise agus riachtanas isteach sa suíomh leo freisin, mar aon lena gcuid smaointe féin faoin saol mór. Foghlaimíonn agus forbraíonn leanaí ar luasanna éagsúla, ar bhealaí éagsúla agus ag amanna éagsúla agus is tábhachtach don churaclam freagairt dá gcuid riachtanas dá réir sin. Is féidir leis an gcuraclam deiseanna a thabhairt do leanaí an Ghaeilge a foghlaim agus a úsáid, agus taithí a fháil ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann d’fhonn an ghné thábhachtach seo den fhéiniúlacht agus den mhuintearas in Éirinn a chothú.

I gcás roinnt leanaí, tá dúshlán áirithe ag baint leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt. Éilíonn sé sin ar chleachtóirí straitéisí idirghníomhaíochta ar leith a úsáid, acmhainní ar leith a chur ar fáil agus a úsáid sa timpeallacht foghlama, agus/nó cumarsáid a dhéanamh ar bhealaí ar leith le cabhrú le leanaí tuiscint a fháil ar eispéiris agus ar ghníomhaíochtaí, comhrá a dhéanamh fúthu, ról gníomhach a ghlacadh iontu, agus leas a bhaint astu. Tá ar chumas gach linbh foghlaim agus forbairt agus is é a (h)aistear foghlama féin a leanann gach uile leanbh.

Féadann *Aistear* agus *Síolta*, **i dteannta a chéile**, cleachtóirí a threorú le curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe a fhorbairt agus a chur ar fáil a spreagfaidh na leanaí ar fad mar fhoghlaiméoirí, a dhéanfaidh rannpháirteach iad, a thabharfaidh a ndúshlán mar is cuí, agus a chuirfidh ar a gcumas a mbealach féin

a dhéanamh ar a n-aistear foghlama. Tá an méid sin nasctha le haidhmeanna *Churaclam na Bunscoile* (1999) chun *cur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche agus cur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile* (ROS, 1999, lch. 7).

Curaclam éiritheach ar bhonn fiosraithe a fhorbairt

Ag tarraingt ar an taithí atá ag earnáil na luath-óige ar *Aistear* agus ar *Shíolta*, úsáidtear sa Treoir Chleachtais coincheap an churaclaim éiritheach ar bhonn fiosraithe le cabhrú le cleachtóirí an dá chreat a úsáid ag an am céanna. Bainfear leas as ábhair spéise, ceisteanna agus eispéiris na leanaí agus an chleachtóra i gcuraclam éiritheach ar bhonn fiosraithe mar thúsphointí don phleanáil curaclaim. Uaireanta, is iad na cleachtóirí a thabharfaidh isteach topaicí ar leith atá nasctha le spriocanna foghlama Aistear d'fhonn tacú le foghlaim agus le forbairt na leanaí. I gcomhar leis na leanaí, roghnóidh cleachtóirí smaointe nó fiosrúcháin a bheidh mar fhócas le haghaidh na foghlama. Uaireanta eile, tiocfaidh topaicí chun cinn de bhrí go bhfuil spéis ag na leanaí iontu. Tríd an teagmháil seo le daoine, ábhair, smaointe agus imeachtaí dúiseofar a gcuid fiosracha agus a n-inspreagadh chun foghlaim. Bainfidh cleachtóirí grinne, oilte, tacúla leas as an spéis a léireoidh leanaí agus beidh a fhios acu nuair is cuí agus is cabhrach deiseanna nó topaicí nua a sholáthar do leanaí, nó nuair is cóir ábhair spéise daoine fásta a úsáid leis an bhfoghlaim a spreagadh, chun curaclam ábhartha, bríoch, spreagthach a chruthú do gach leanbh.

Léirítear in *Aistear* agus i *Síolta* araon gur gá don chleachtóir na rudaí seo a leanas a dhéanamh le curaclam luath-óige a fhorbairt:

1. aithne mhaith a chur **ar na leanaí** agus a choinneáil i gcuimhne gur iomaí taithí a fhaigheann siad sa bhaile agus go mbíonn siad ag foghlaim an t-am ar fad trí shúgradh agus trí eispéiris phleanáilte, agus ó chomhráite, gníomhartha agus idirghníomhaíochtaí ar feadh an lae.
2. a thuiscint **nach mar a chéile cumas leanaí**, a gcuid eolais, meonta, riachtanas, ábhair spéise ná dúshláin agus go mbíonn malairt tuairimí acu ar an gcaoi a n-oibríonn an saol mór, agus a aithint gur tábhachtach an rud é teacht ar churaclam a fhreastalaíonn ar an éagsúlacht seo.
3. fios a bheith acu ar **an gcaoi** chun tacú leis an bhfoghlaim agus leis an bhforbairt agus cur leo ag an gcéim luath seo i saol na leanaí.
4. úsáid a bhaint as eolas a bhailítear tríd an obair ó la go lá le hathbhreithniú agus machnamh a dhéanamh ar **an tionchar a imríonn an curaclam** agus **obair an chleachtóra** ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na leanaí d'fhonn a chinntiú go mbíonn tacaíocht chuí á tabhairt d'fhorbairt iomlán na leanaí.
5. úsáid a bhaint as **spriocanna foghlama Aistear**, ina dtugtar breac-chuntas ar mheonta, scileanna, luachanna agus dearthaí, agus eolas agus tuiscint, chun pleanáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na leanaí agus chun measúnú a dhéanamh orthu.
6. **an fhís seo** i dtaca leis an luathfhoghlaim agus leis an luathfhorbairt a scaipeadh ar dhaoine eile, amhail comhghleacaithe, daoine muinteartha leanaí, agus gairmithe ar nós meantóirí, cigirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga agus múinteoirí bunscoile.

Teastaíonn ó naíonáin, ó lapadáin agus ó leanaí óga réimse eispéiris foghlama cuí le tacú lena gcuid forbairt iomlánaíocch agus le cabhrú leo a lánacmhainneacht féin a chomhlíonadh. Le breathnú ar gach leanbh mar dhuine inniúil, muiníneach, ní mór don chleachtóir cabhrú le leanaí an leas is fearr is féidir a bhaint as eispéiris den sórt seo. Cabhróidh an Treoir Chleachtais le cleachtóirí amhlaidh a dhéanamh ar bhealach a thacóidh leis na leanaí *ar fad*.

Tiocfaidh forbairt le himeacht ama ar smaointe agus eolas leanaí ar an gcúis agus ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí go dtí go dtuigfidh siad coincheapa agus smaointe níos foirmiúla. Cuirfidh siad an dul chun cinn seo ar a gcuid smaointeoireachta, eolais agus tuisceana in iúl ar bhealaí éagsúla, lena n-áireofar gluaiseachtaí agus gothaí, labhairt, líníochtaí, pleananna, mionsamhlacha, marcanna a dhéanamh agus siombailí a úsáid ar bhealaí samhlaíocha. Ag an am céanna, forbróidh naíonáin, lapadáin agus leanaí óga níos mó ardscoilanna agus ag leibhéal níos sofaisticiúla. Léireoidh siad réimse meonta, luachanna agus dearcthaí sa chaoi a dtabharfaidh siad faoi eispéiris agus a bhfreagróidh siad dóibh, agus a n-idirghníomhóidh siad le daoine eile. Déanfaidh an cleachtóir machnamh ar na rudaí seo ar fad le teacht ar phictiúr saibhir d'fhoghlaim agus d'fhorbairt gach linbh agus úsáidfidh siad an t-eolas sin leis an bhfoghlaim a phleanáil agus a leathnú.

Ról an chleachtóra

Bíonn ról lárnach ag an duine fásta sa luath-óige. Aibhsítear in *Aistear*:

Tarlaíonn an luathfhoghlaim tríd an gcaidreamh cómhálartach idir an duine fásta agus an leanbh – amanna treoraíonn an duine fásta an fhoghlaim sin agus amanna eile is é an leanbh an treorai. Cuidíonn an duine fásta leis an bhfoghlaim ach meas a bheith acu ar uathúlacht an linbh. Athraíonn sé/sí cineál agus méid na tacaíochta de réir mar a mhéadaíonn féinmhuinín agus cumas an linbh agus de réir mar a bhaineann an

leanbh rudaí nua amach (Prionsabail agus Téamaí, lch. 9).

Déantar cur síos in *Aistear* ar réimse straitéisí idirghníomhaíochta atá le húsáid ag cleachtóirí le tacú le foghlaim agus le forbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Tugtar breac-chuntas in *Treoir d'Úsáideoirí Aistear* ar roinnt den eolas, na meonta, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn ó dhaoine fásta a oibríonn le leanaí (lch. 7).

Tá prionsabal i *Síolta* freisin a bhaineann le ról an duine fásta:

Tá ról bunúsach ag an duine fásta i soláthar eispéiris luath-óige atá ar ardchaighdeán. Tá cleachtas luath-óige atá ar ardchaighdeán bunaithe ar ról sainiúil an duine fhásta. Tá ríthábhacht ag baint le cumais, cáilíochtaí, meonta agus taithe daoine fásta agus lena gcumas chun machnamh a dhéanamh ar a ról. Tá na nithe sin riachtanach chun tacú le heispéiris atá ar ardchaighdeán a chur ar fáil do gach páiste. Is ról dúshlánach, lárnach é seo i saol an pháiste óig gur gá acmhainn chuí a chur ar fáil dó, agus ba chóir tacú leis agus meas a bheith air dá réir (2006, lch. 8).

Tá prionsabal *Síolta* ar an obair bhuíne ábhartha freisin, mar aon leis an gcaighdeán ar an gCleachtas Gairmiúil.

Déanann an Treoir Chleachtais a cuid féin de ról an duine fhásta mar a leagtar amach in *Aistear* agus i *Síolta* agus déanann sí forbairt air, go háirithe i dtaca le ról an chleachtóra mar an **forbróir curaclaim**. Tá an cheannasaíocht oideolaíoch ina cuid thábhachtach de seo, rud a chuirtear faoi chaibidil i mBunchlocha an Churaclaim. (Déanfar ábhair ar an gceannasaíocht oideolaíoch a fhorbairt faoi mhí an Mheithimh 2015.)

An Treoir Chleachtais a Úsáid

Tá sé mar aidhm ag *Treoir Chleachtais Aistear Síolta* cabhrú leat i do ról mar fhorbróir curaclaim chun do churaclam a thógáil, machnamh a dhéanamh air, agus cur leis chun tacú le luathfhoghlaim agus le luathfhorbairt naíonán, lapadán agus leanaí óga. Tá roinnt d'acmhainní na Treorach dírithe ar aoisghrúpa ar leith — naíonáin agus lapadáin (ón mbreith - 3 bliana d'aois) agus leanaí óga (3 - 6 bliana d'aois) — agus baineann roinnt eile le tréimhse iomlán na luath-óige ón mbreith go dtí sé bliana d'aois. Ag tarraingt ar an taithí atá ag an earnáil ar *Aistear* agus ar *Shíolta* a úsáid, cuimsíonn an Treoir Chleachtais:

- **Bunchlocha an Churaclaim** agus
- Na **6 Cholún Idirnasctha** den Churaclam:
 1. Comhpháirtíochtaí a Chothú le Tuismitheoirí
 2. An Timpeallacht Foghlama a Chruthú agus a Úsáid
 3. Foghlaim trí mheán an tSúgartha
 4. Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú
 5. Pleanáil agus Measúnú le Téamaí *Aistear*
 6. Tacú le hAistriú.

Bunchlocha an Churaclaim

Tá léargas ginearálta i gceist le Bunchlocha an Churaclaim agus ceithre ghné, mar a leagtar amach i dTábla 6. Is ann do na gnéithe seo ionas go bhféadfar cioradh a dhéanamh ar na fachtóirí, na luachanna agus na bunphrionsabail a rachaidh i bhfeidhm go mór ar an gcuraclam a fhorbróidh na cleachtóirí ar mhaithe leis na leanaí ina suíomh. Is tábhachtach go n-oibreoidh cleachtóirí ar na ceithre ghné de **Bhunchlocha an Churaclaim** sula dtabharfaidh siad faoi obair ar **Cholúin an Churaclaim**.

Tábla 6: Léargas ginearálta ar na gnéithe de Bhunchlocha an Churaclaim atá sa Treoir Chleachtais

Gnéithe	Cuspóir
Léargas ginearálta	Léirítear sa léargas ginearálta na naisc atá ann idir an dá chreat agus luaitear na hacmhainní éagsúla atá ar fáil i mBunchlocha an Churaclaim.
Gné 1: Do Churaclam agus do Ráiteas Curaclaim a fhorbairt	Cabhraíonn an ghné seo le cleachtóirí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam atá acu faoi láthair i dtreo curaclam níos éirithí agus níos bunaithe ar fhiosrú a fhorbairt.
Gné 2: Prionsabail amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra	Cuirtear faoi chaibidil sa ghné seo prionsabail <i>Aistear</i> agus <i>Síolta</i> agus díritear ar chearta an linbh agus ar íomhá linbh an chleachtóra go háirithe. Tugtar ann freisin gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu cabhrú le cleachtóirí na prionsabail a chur i bhfeidhm ina gcuid oibre.
Gné 3: Téamaí <i>Aistear</i>	Cabhróidh an ghné seo le cleachtóirí dul i dtaithe ar théamaí <i>Aistear</i> ionas go bhféadfaidh siad úsáid a bhaint astu le tacú lena gcuid oibre le leanaí.
Gné 4: Cleachtas Gairmiúil	Breathnaítear ar ról an duine fhásta sa ghné seo, coincheap na ceannasaíochta oideolaíche go háirithe (rud atá le forbairt faoi mhí an Mheithimh 2015).

Colúin an Churaclaim

Cuimsíonn gach Colún Curaclaim léargas ginearálta agus cúig chatagóir acmhainní, rud a dtugtar breac-chuntas air i dTábla 7 thíos. Mar a dúradh cheana, is tábhachtach go n-oibreoidh cleachtóirí ar na ceithre ghné de Bhunchlocha an Churaclaim sula dtabharfaidh siad faoi obair ar Cholúin an Churaclaim.

Tábla 7: Forbhreathnú ar na catagóirí acmhainní i gColúin an Churaclaim atá sa Treoir Chleachtais

Catagóir acmhainne	Cuspóir
Forbhreathnú	Tugtar sa léargas ginearálta seo breac-chuntas ar an gColún Curaclaim, léirítear naisc le <i>hAistear</i> agus le <i>Síolta</i> , agus leagtar amach na hacmhainní atá ar fáil sa chuid seo den Treoir Cheachtais.
Uirlisí Féinmheastóireachta	Tugann na huirlisí seo leideanna le cabhrú le cleachtóirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre chun na rudaí ar éirigh leo agus na dúshláin a aithint agus chun rudaí a bhreacadh síos ba mhian leo a athrú.
Samplaí agus Smaointe don Chleachtas	Tugtar sna hacmhainní seo samplaí de churaclaim ó shuíomhanna luath-óige difriúla.
Acmhainní le Comhroinnt	I measc na n-acmhainní seo tá leidbhileoga, póstaer, ábhair láithreoireachta agus ceistneoirí.
Uirlisí Pleanála Gníomhaíochta	Cuirtear teimpléid ar fáil d'fhonn cabhrú le cleachtóirí pleanáil le haghaidh athruithe i réimse áirithe dá gcuid oibre.
Gailearaí	Tabharfaidh grianghraif ó réimse suíomhanna luath-óige smaointe breise duit i ndáil le gnéithe den churaclam.